Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Samhain 2021
(OR. en)

13537/21

AGRI 523
ENV 817
FORETS 68
PROCIV 134
JUR 616
DEVGEN 195
RELEX 933
UD 271
PROBA 47
FAO 39

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030<br>- *Formheas* |

1. An 16 Iúil 2021, d'eisigh an Coimisiún an Teachtaireacht dar teideal *The New EU Forest Strategy for 2030* [Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030], a raibh dhá dhoiciméad eile ag gabháil leis, mar atá, *Roadmap of the Commission's action to implement the pledge to plant 3 billion additional trees by 2030 in the EU* [Treochlár gníomhaíochta an Choimisiúin chun an gealltanas 3 bhilliún crann breise a chur faoi 2030 san Aontas] agus doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ina leagtar amach an *Stakeholder Consultation and Evidence Base* [Comhairliúchán Geallsealbhóirí agus Bonn Fianaise] a bhaineann le Straitéis Foraoise nua an Aontais do 2030 (dá ngairtear 'an Straitéis' anseo feasta).

2. Ar bhonn rannchuidithe na mBallstát, d'ullmhaigh an Uachtaránacht roinnt dréachtleaganacha athbhreithnithe de na conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis, a scrúdaíodh agus a pléadh ag na cruinnithe neamhfhoirmiúla a bhí ag an Meitheal um Fhoraoiseacht.

3. D’fhonn tuilleadh treorach a thabhairt don obair ar na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 12 Deireadh Fómhair 2021 ar bhonn páipéir cúlra a d’ullmhaigh an Uachtaránacht (12122/21). Thairis sin, bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Comhshaoil maidir leis an Straitéis an 6 Deireadh Fómhair 2021. Is treoir a bhí i bpríomhtheachtaireachtaí na nAirí Comhshaoil, mar aon le hidirghabhálacha na nAirí Talmhaíochta ag cruinniú AGRIFISH thuas, don obair leanúnach atá ar bun ar na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle.

4. An 5 Samhain 2021, sháraigh Coiste na mBuanionadaithe an tsaincheist amháin a bhí gan réiteach. Thacaigh na toscaireachtaí i gcoitinne le téacs na gConclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis. Thíolaic an Phortaingéil, le tacaíocht ón bhFrainc agus ón Spáinn, ráiteas maidir le mír 12 de na Conclúidí ón gComhairle. Thíolaic Lucsamburg ráiteas freisin, maidir le mír 7. Thíolaic an Coimisiún ráiteas maidir le mír 13.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle, atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo, a fhormheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 15 Samhain 2021 (Talmhaíocht agus Iascach).

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas

1. Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle an 10 Samhain 2020 maidir le Peirspictíochtaí i dtaobh bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le straitéis foraoise AE tar éis 2020[1], an 15 Aibreán 2019 ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais agus maidir le creat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí[2], an 16 Nollaig 2019 maidir le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[3], an 10 Meitheamh 2021 maidir le straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide[4], an 17 Nollaig 2020 maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas, an 29 Samhain 2019 maidir leis an Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe[5] agus an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta – an gá atá le gníomhú práinneach[6].

2. Á AITHINT DI an ról ceannasach atá ag próiseas aireachta FOREST EUROPE maidir le hidirphlé, prionsabail, critéir, táscairí agus sainmhínithe a fhorbairt a bhaineann le ról ilfheidhmeach na bhforaoisí agus lena mbainistiú inbhuanaithe, agus Á MHEABHRÚ DI Rúin agus Dearbhuithe FOREST EUROPE, a shínigh Ballstáit uile an Aontais agus an Coimisiún Eorpach thar ceann an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an bhfís chomhroinnte maidir le foraoisí Eorpacha 2030 a leagtar amach i nDearbhú Aireachta na Bratasláive dar teideal '*The Future We Want: The Forests We Need*[7]' [An Todhchaí a Theastaíonn Uainn: Na Foraoisí atá de Dhíth Orainn]

[1] 12695/1/20 REV 1
[2] 8609/19
[3] 15151/19
[4] 9694/21
[5] 14594/19
[6] 12210/20
[7] An tOchtú Comhdháil Aireachta um Chosaint Foraoisí san Eoraip, an 14-15 Aibreán 2021

3. Á CHUR I dTREIS AICI go bhfuil straitéisí foraoise, cláir, uirlisí agus ionstraimí eile a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí forbartha agus curtha chun feidhme ag na Ballstáit ar bhonn náisiúnta, de réir a mbeartas foraoise faoi seach.

4. Á AITHINT DI gur coincheap dinimiciúil éabhlóideach é bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, mar a shainigh FOREST EUROPE de réir Phrionsabail na Foraoise[8], lena gcuirtear creat ar fáil chun cothromú a dhéanamh ar sholáthar agus ar fheabhsú seirbhísí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta foraoisí agus/nó éiceachóras foraoise chun cur leis na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe agus, ar an gcaoi sin, feidhmeanna iolracha na bhforaoisí a chur chun cinn.

5. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI an tábhacht a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí mar réiteach dúlrabhunaithe a fhreastalaíonn ar spriocanna iomadúla chun acmhainní foraoise a chothabháil agus chun feabhas iomchuí a chur orthu agus ar an méid a chuireann siad leis an timthriall domhanda carbóin, le sláinte, beogacht agus athléimneacht éiceachóras foraoise, le caomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe na héagsúlachta bitheolaíche, le feidhmeanna cosanta na bhforaoisí – go háirithe maidir leis an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide – agus le feidhmeanna táirgiúla agus feidhmeanna socheacnamaíocha eile foraoisí.

**Cur chuige agus creat iomlánaíoch d’fhoraoisí**

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030 agus go bhfuil méadú tagtha ar an uaillmhian atá aige i dtaca le rannchuidiú na bhforaoisí, i ngeall ar a ról ilfheidhmeach, leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le spriocanna domhanda a bhaineann le foraoisí, lena n-áirítear iad siúd atá i gClár Oibre 2030. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur féidir ról tábhachtach a bheith ag na foraoisí agus ag an earnáil foraoisbhunaithe maidir le haistriú an Aontais chuig bithgheilleagar ciorclach atá inbhuanaithe, glas, aeráidneodrach agus iomaíoch.

8 https://web.archive.org/web/20170701164258/http://www.un.org/documents/ga/conf151/aconf15126-3annex3.htm

7. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá le creat cuimsitheach don earnáil, agus na trí ghné den inbhuanaitheacht á gcur san áireamh ar bhealach cothrom iomlánaíoch, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór comhleanúnachas a bheith ann idir beartais, spriocanna agus ionstraimí éagsúla an Aontais a bhaineann le foraoisí, a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar fhoraoisí, agus an nasc le ról an Aontais i bpróisis idirnáisiúnta éagsúla. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nár mhór fís chothromaithe a bheith sa Teachtaireacht maidir leis na gnéithe éagsúla a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Maidir le cur chun feidhme na Straitéise, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le spriocanna socheacnamaíocha a neartú agus na coincheapa agus na téarmaí nua a tugadh isteach i Straitéis Foraoise an Aontais a shainmhíniú agus céimeanna soiléire a leagan síos don chomhar a bheidh ann amach anseo idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá ról na bhforaoisí san Aontas Eorpach chun cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta feabhsaithe maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó. MEABHRAÍTEAR DI an obair leanúnach atá ar siúl chun dá bhfuil fágtha de na foraoisí príomhúla agus cianaosta a shainiú, a mhapáil agus faireachán a dhéanamh orthu, darb aidhm caomhnú na bhforaoisí sin a áirithiú. IS OTH LÉI nach ndearnadh forbairt leordhóthanach sa Straitéis ar na gnéithe a bhaineann le fairsingiú fásaigh agus feidhm hidreolaíoch foraoisí.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an bhéim a leagtar ar chur chun cinn táirgí adhmadbhunaithe a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe, go háirithe táirgí fadsaolacha, agus MEABHRAÍTEAR DI, ag an am céanna, go gcuireann táirgeadh agus úsáid táirgí foraoisbhunaithe atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, idir tháirgí fadsaolacha agus táirgí gearrshaolacha, leis na spriocanna aeráide, leis an mbithgheilleagar ciorclach, le téarnamh eacnamaíoch iarphaindéime atá inbhuanaithe agus níos glaise agus leis an bhforbairt tuaithe. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le táirgeadh, tomhaltas agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh agus slabhraí soláthair gairide agus áitiúla agus beartais soláthair atá dírithe ar inbhuanaitheacht a chur chun cinn feadh an tslabhra luacha iomláin, go háirithe maidir le héifeachtúlacht acmhainní agus an geilleagar ciorclach a fheabhsú.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-aitheantas a thugtar d'fhoraoisí mar acmhainn lena soláthraítear slite beatha agus éicisheirbhísí tábhachtacha. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór spriocanna socheacnamaíocha coincréiteacha sa Straitéis a fhorbairt a thuilleadh, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, mar chuid de chlár oibre coiteann cur chun feidhme. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról lárnach atá ag úinéirí foraoise agus bainisteoirí foraoise maidir le cuspóirí na Straitéise a bhaint amach, lena n-áirítear tacú le forbairt ceantar tuaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhánú na tuaithe agus ar a hathbheochan.

11. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór leas a bhaint as sásraí agus dreasachtaí airgeadais atá ar fáil, lena n-áirítear le haghaidh íocaíochtaí le haghaidh éicisheirbhísí foraoise. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, roghanna a fhiosrú le haghaidh réitigh nua agus nuálacha atá margadhbhunaithe, amhail íocaíochtaí le haghaidh éicisheirbhísí, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus le haghaidh na bithéagsúlachta, lena n-áirítear na réitigh sin amhail an fhoraoiseacht atá gar don dúlra agus feirmeoireacht carbóin agus, ag an am céanna, teorainn a chur leis an ualach riaracháin d'úinéirí agus bainisteoirí foraoise, agus do riaracháin phoiblí chomh maith.

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur mó dochar ná maitheas a d'fhéadfadh teacht as mura mbeidh ach an t-aon chur chuige amháin. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór aitheantas a thabhairt don éagsúlacht agus do na sainiúlachtaí a bhaineann le foraoisí agus éiceachórais foraoisí, cumhdach foraoise, bainistiú agus cleachtais foraoiseolaíochta, úinéireacht, forbairtí cultúrtha agus stairiúla i measc na mBallstát agus na réigiún, lena n-áirítear limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu agus na Réigiúin is Forimeallaí, agus nach mór an éagsúlacht agus na sainiúlachtaí sin a urramú agus a choimeád ar bun.

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá inniúlacht na mBallstát agus, i ndáil leis an méid sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ mír 6g de na Conclúidí ón gComhairle an 10 Samhain 2020 maidir le *Peirspictíochtaí i dtaobh bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le straitéis foraoise AE tar éis 2020*[9].

[9] 12695/1/20 REV 1 – mír 6(g).

14. IS OTH LÉI nár forbraíodh Straitéis nua Foraoise an Aontais i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí agus CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil sí toilteanach agus réidh oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil comhleas ann oibriú le chéile chun Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030 a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite. I ndáil leis sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá comhar, comhordú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha idir na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus comhpháirtithe tábhachtacha eile sa réigiún uile-Eorpach maidir le hábhar a bhaineann leis an mbeartas foraoise.

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tionscnamh le haghaidh togra reachtach maidir le creat breathnóireachta, tuairiscithe agus bailithe sonraí foraoisí, lena n-áirítear pleananna straitéiseacha na mBallstát d'fhoraoisí. Lena chois sin, IARRANN SÍ go ndéanfaí soiléiriú ar bhreisluach na bpleananna sin agus MEABHRAÍTEAR DI gur gá an chostéifeachtúlacht a aithint agus dúbailt agus ualach breise riaracháin, mar aon leis na cláir nó na straitéisí cuimsitheacha náisiúnta maidir le foraoisí atá ann cheana, a forbraíodh i gcomhréir le gealltanais a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, amhail Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí agus Rún Vín de chuid FOREST EUROPE[10], agus inniúlachtaí na mBallstát lena mbaineann, a sheachaint.

16. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé bonn fónta, trédhearcach sonraí agus faisnéise a bheith faoi fhoraoisí mar bhonn don cheapadh beartais. Chun sonraí a bhailiú, a phróiseáil, a thuairisciú agus a léiriú, MEABHRAÍTEAR DI gur cheart an úsáid is fearr agus is éifeachtaí a bhaint as na fardail náisiúnta foraoise atá ann cheana agus as comhar idirnáisiúnta a cuireadh ar bun faoin Líonra Eorpach maidir le Fardail Náisiúnta Foraoise, cuir i gcás. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit agus saineolaithe, anailís a dhéanamh ar na neamhréireanna atá ann faoi láthair agus ar na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith i mbailiú sonraí foraoise.

10 https://www.foresteurope.org/docs/MC/MC_vienna_resolutionV1.pdf

17. Is DEIMHIN LÉI gur cheart lántairbhe a bhaint as na sainmhínithe agus na táscairí atá ann cheana agus a forbraíodh i bpróisis idirnáisiúnta agus réigiúnacha amhail FOREST EUROPE, ar cheart iad a úsáid ina n-iomláine chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar riocht na bhforaoisí san Aontas. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus le tacaíocht ó líonraí taighde sa chomhpháirtíocht Eorpach eolaíochta foraoise, measúnú a dhéanamh agus a chinneadh le chéile an bhfuil gá le táscairí, tairseacha nó raonta nua ar leibhéal an Aontais do bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus cén breisluach a bheadh acu. Thairis sin, agus difríochtaí foraoisí idir tíortha á gcur san áireamh, ní mór na tairseacha nó na raonta sin a chinneadh agus a shocrú ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal fonáisiúnta.

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI an aird a thugtar sa Straitéis ar an ngá atá le hathléimneacht na bhforaoisí a neartú. AITHNÍONN SÍ an tionchar diúltach a bhíonn ag tubaistí nádúrtha agus ag tosca eile ar údair imní iad ar fhoraoisí agus na rioscaí a bhaineann leo siúd, ar dócha go rachaidh siad in olcas mar gheall ar an athrú aeráide. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun an obair ar an mbainistiú riosca a neartú i dtaobh tubaistí nádúrtha agus tosca foraoise ar údair imní iad, go háirithe falscaithe, agus maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide chun cur chuige struchtúrtha comhtháite a fhorbairt, agus aird á tabhairt ar chomhar éifeachtach agus ar ardáin comhroinnte taithí le riaracháin agus geallsealbhóirí na mBallstát agus obair leanúnach FOREST EUROPE chun sásra eolais maidir le riosca foraoise a chruthú á cur san áireamh.

19. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil taighde agus nuálaíocht tábhachtach chun spriocanna na Straitéise a bhaint amach. IARRANN SÍ go mbeadh comhar níos láidre ann maidir le pleanáil agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chun borradh a chur, *inter alia*, faoin úsáid a bhaintear as adhmad a tháirgtear go hinbhuanaithe agus as táirgí foraoise eile sa bhithgheilleagar ciorclach, mar aon le rannchuidiú na bhforaoisí chun an t-athrú aeráide a mhaolú chomh maith le cuspóirí oiriúnúcháin agus bithéagsúlachta a bhaint amach. Is DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh an chomhpháirtíocht Taighde agus Nuálaíochta maidir leis an bhforaoiseacht, agus é á áirithiú ag an am céanna go ndéantar obair na gcomhpháirtíochtaí i gcomhtháthú leis an obair chomhoibríoch atá á déanamh ag na heagraíochtaí idirnáisiúnta atá ann cheana.

20. AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach agus le comhordú maith idir comhlachtaí ábhartha an Aontais maidir le foraoisí. MOLANN SÍ go mbeadh an Buanchoiste um Fhoraoiseacht (SFC) atá ann faoi láthair, arna bhunú le Cinneadh ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 lena mbunaítear Buanchoiste um Fhoraoiseacht (89/367/CEE), ina phríomhfhóram i gcónaí d'ionadaithe na mBallstát agus don Choimisiún, chun ábhair a bhaineann le foraoisí ar leibhéal an Aontais a phlé agus comhairle a thabhairt ina leith, agus chun a ról a neartú i gcur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais.

21. MOLANN SÍ go mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach go hiomlán, lena n-áirítear úinéirí agus bainisteoirí foraoise, sna comhairliúcháin lena n-ullmhófar an cur chun feidhme agus i gcur chun feidhme na Straitéise féin. IARRANN SÍ go ndéanfaí idirphlé cuiditheach agus obair chomhoibríoch idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha agus an tsochaí shibhialta.

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Plean Oibre Bliantúil a fhorbairt in éineacht leis an mBuanchoiste Foraoiseachta, ina mbeidh sruthanna oibre coincréiteacha, lena n-áirítear athléimneacht foraoisí agus éifeachtaí an athraithe aeráide, seirbhísí bithgheilleagair ciorclaigh agus bithéagsúlachta agus éiceachórais foraoise, agus ionchur ó ghrúpaí eile de chuid an Choimisiúin a bhaineann le foraoisí á áirithiú freisin.

23. MOLANN SÍ gur cheart don bhreisluach atá le scéimeanna deonacha deimhniúcháin do bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí atá ann cheana a bheith ina réamhchoinníoll agus tabhairt isteach scéimeanna nua deimhniúcháin á mbreithniú. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé an gá atá le scéimeanna deimhniúcháin 'níos gaire don dúlra' nua de chuid an Aontais a shoiléiriú agus ar a mbreisluach inléirithe. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfadh sin a bheith ina chúis le hualach breise riaracháin agus costais bhreise, mearbhall a chur ar thomhaltóirí, agus forluiteacha le scéimeanna deimhniúcháin foraoise atá ann cheana.

24. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais i leith foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú, agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus TÁ SÍ AG SÚIL leis an tseiceáil oiriúnachta ar Rialachán Adhmaid an Aontais agus ar Rialachán FLEGT a fháil, chomh maith leis an togra reachtach atá beartaithe ag an gCoimisiún agus bearta neamhreachtacha chun riosca an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise a bhaineann le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a íoslaghdú.

25. Trí Straitéis chuimsitheach Foraoise de chuid an Aontais, lena gcuirfear ilfheidhmiúlacht na bhforaoisí chun cinn, a chur chun feidhme go rathúil, agus rannchuidiú mar sin le spriocanna domhanda foraoise agus leis an iliomad SDGanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir leis an Aontas agus na Ballstáit ról ceannasach a bheith acu go fóill maidir le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn agus deireadh a chur le dífhoraoisiú ar an leibhéal domhanda i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla, amhail Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, FAO COFO, agus in eagraíochtaí réigiúnacha agus próisis amhail FOREST EUROPE, UNECE agus Coimisiún Eorpach FAO um Fhoraoiseacht. IS OTH LÉI go bhfuil an ghné idirnáisiúnta sin ar iarraidh i Straitéis nua Foraoise an Aontais.

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach léir sa Straitéis an tionchar atá aici ar fhoraoisí lasmuigh den Aontas, ná an dóigh lena sheachaint go mbeadh lorg níos airde agus tionchair dhiúltacha ar fhoraoisí lasmuigh den Aontas mar thoradh ar na bearta cosanta atá beartaithe, go háirithe ar fhoraoisí príomhúla, i ngeall ar allmhairí breise adhmaid. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an ghné sin a mheas sa Mheasúnú Tionchair ar na bearta atá beartaithe agus bearta breise maolaithe a mholadh, de réir mar is iomchuí.

27. MOLANN SÍ go mbeadh na pobail dhúchasacha agus áitiúla rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach i gcur chun feidhme na Straitéise agus i ngnóthú chuspóirí na Straitéise. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, i ndáil le ról na bpobal dúchasach, a thábhachtaí atá UNDRIP.

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisciú go bliantúil don Chomhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030 a chur chun feidhme agus maidir leis na moltaí a áirítear sna Conclúidí seo, agus torthaí an athbhreithniúcháin ar an dul chun cinn a dhéanfar a thíolacadh in 2025, agus rannpháirtíocht na Comhairle a iarraidh má bhíonn gá le gníomhaíocht bhreise.

29. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur beart rathúil leanúnach é an foraoisiú i roinnt Ballstát, agus go dtacaíonn Comhbheartas Talmhaíochta an Aontais leis sin freisin. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Treochlár chun 3 bhilliún crann breise a chur san Aontas faoi 2030. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gealltanais dheonacha iad na gealltanais le haghaidh plandáil crann breise den sórt sin agus go bhfuil dúshláin mhóra ann i dtaca le hinfhaighteacht talún sna Ballstáit, agus gur infheidhme nósanna imeachta dlíthiúla na mBallstát chun bearta foraoisiúcháin a fhormheas agus i ndáil leis sin IS DÍOL SÁSAIMH DI gné an treochláir a bhaineann le faireachán.

30. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról ríthábhachtach atá ag foraoisí i ndáil le sláinte agus dea-bhail an duine, agus an gá atá leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin a chur chun cinn lena n-aithnítear an dlúthnasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus dúlra sláintiúil agus TÁ IARRTHA AICI go mbreathnófaí níos doimhne ar ról na bhforaoisí agus an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí sa chur chuige Aon Sláinte Amháin agus go bhfeabhsófaí ionchur na bhforaoisí, limistéir an dúlra agus páirceanna poiblí ar mhaithe le dea-bhail daoine ós rud é gur léiríodh freisin le paindéim COVID 19 gur gá glasú na limistéar uirbithe a fheabhsú.